
# ELeathanach 457

Dé Máirt, an 6 Feabhra 2024





**Cúrsaí Sacair**

Tá ag éirí go han-mhaith le *Liverpool FC* sa phríomhshraith le déanaí. An tseachtain seo caite bhí an bua acu i gcoinne Chelsea, 4-1.

Fuair Conor Bradley cúl amháin agus thug sé pas cúnta do dhá chúl eile. Is imreoir ó Thuaisceart Éireann é Conor agus bhí Jürgen Klopp an-sásta le Conor agus an obair a rinne sé sa chluiche.

Bhí nuacht ó bhaill d'fhoireann sacair na hÉireann (Mná) an tseachtain seo caite freisin. Fuair Tara O'Hanlon conradh le foireann Manchester City, agus beidh sí ag imirt leo go dtí 2027.

Fuair Abbie Larkin conradh le Crystal Palace. Tá beirt eile ón bhfoireann idirnáisiúnta ag imirt le Crystal Palace freisin: Izzy Atkinson agus Hayley Nolan.

**Scannán nua: *Migration***

Is scannán é *Migration* agus insíonn sé scéal faoi theaghlach lachan atá ina gcónaí i New England, Meiriceá. Buaileann siad le lachain eile atá ag dul ó dheas ar imirce don gheimhreadh.

Tá an t-athair ag iarraidh fanacht san áit ina bhfuil siad. Ach impíonn an mháthair agus an bheirt páiste air, agus ar deireadh, socraíonn siad dul ar thuras eachtrúil.

Ar an turas, téann siad go Nua-Eabhrac ar a mbealach go hIamáice. Tarlaíonn a lán eachtraí greannmhara ar an turas ó dheas.

Is iad na daoine a chruthaigh *Minions* agus *Despicable Me a* chruthaigh an scannán seo freisin. Roimh an scannán, tá gearrscannán, *Mooned*, faoi Vector ó *Despicable Me* agus Minion amháin atá gafa ar an ngealach.








Chuir siad an líomóid agus an cófra ar ceant





**Líomóid an-sean agus an-chostasach!**

I Shropshire, Sasana, bhí teaghlach ag glanadh tí chun é a dhíol. Tháinig siad ar chófra agus shocraigh siad é a dhíol freisin. Nuair a d'fhéach siad sa chófra, chonaic siad líomóid an-sean ar fad.

Bhí nóta ar an líomóid ag rá gur thug fear darbh ainm P. Lu Franchini an líomóid mar bhronntanas do bhean darbh ainm E. Baxter, i mí na Samhna 1739. Ciallaíonn sé sin go bhfuil an líomóid níos mó ná 285 bliain d'aois!

Chuir siad an líomóid agus an cófra ar ceant. Cheannaigh duine amháin an cófra ar £32. Ansin bhí beirt san iomaíocht don líomóid. Creid é nó ná creid, cheannaigh duine amháin an líomóid ar £1100, beagnach €1300!

Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,

Coláiste Mhuire, BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta